Rith 2016

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar scéal gearr nuachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, déan iarracht na focail thíos a cheangal le chéile.

1. as part of	a. teachtaireacht dóchais
2. organised	b. mar chuid de
3. the event	c. ar son na teanga
4. the runners	d. tacaíocht a léiriú do
5. carrying	e. an ócáid
6. a message of hope	f. laochra na Cásca
7. destination	g. d'eagraigh
8. show support for	h. na reathaithe
9. Easter heroes	i. ag iompar
10. for the sake of the language	j. ceann scríbe

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 2 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí buille faoi thuairim faoi ábhar an scéil, sula bhféachann sibh air.

Ceist 3 Anois, féach ar an mír dhá uair agus scríobh abairt nó dhó faoi ábhar na míre.

Rith 2016 **mar chuid de Sheachtain na Gaeilge**

Ceist 4 '…*is iontach an rud é*…'

Féach ar an sampla seo thíos den chopail agus freagair na ceisteanna:

Is tír shaibhir í Éire.

1. Cum ceisteanna bunaithe ar an abairt thuas, ag baint úsáide as ***An*** agus ***Nach***.
2. Cad iad freagraí na gceisteanna a chum tú (dearfach agus diúltach)?
3. Scríobh síos freagraí na gceisteanna seo anois (dearfach agus diúltach):

An í Éire an tír is mó san Eoraip?
Nach álainn an tír í?

Agus

Féach ar an sampla seo den chopail san aimsir chaite agus freagair na ceisteanna:

Ba thír shaibhir í Éire roimh an gcúlú eacnamaíochta.

1. Cum ceisteanna bunaithe ar an abairt thuas, ag baint úsáide as ***Ar*** agus ***Nár***.
2. Cad iad freagraí na gceisteanna a chum tú (dearfach agus diúltach)?
3. Scríobh síos freagraí na gceisteanna seo anois (dearfach agus diúltach):

Arbh í Éire an tír ba shaibhre san Eoraip?
Nár shaibhir an tír í?

Ceist 5 '…seo chugainn…'

Féach ar na téarmaí eile seo a chuireann tréimhsí ama in iúl agus cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

seo caite
an lá arna mhárach
coicís
amach anseo
fadó
arú inné

Ceist 6 Pléigh an cheist seo le do ghrúpa:

Cén t-eolas atá agaibh ar na heagraíochtaí agus ar na hócáidí seo a luadh sa mhír?

- Seachtain na Gaeilge
- Glór na nGael
- Conradh na Gaeilge
- Éirí Amach na Cásca

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
b	g	e	h	i	a	j	d	f	c

Ceist 2
Tá an obair seo le déanamh sula seinnfear an tuairisc. Pléigh na tuairimí atá ag an rang ach ná habair cad faoi lena mbaineann an scéal fós.

Ceist 3
Cuir an mhír ar siúl faoi dhó, ag stopadh tar éis gach babhta.

Ceist 4
1. An tír shaibhir í Éire? / Nach tír shaibhir í Éire?
2. Is ea./Ní hea.
3. Is í./Ní hí. | Is álainn./Ní álainn.

1. Ar thír shaibhir í Éire roimh an gcúlú eacnamaíochta? / Nár thír shaibhir í Éire roimh an gcúlú eacnamaíochta?
2. Ba ea./Níorbh ea.
3. Ba í./Níorbh í. | Ba shaibhir./Níor shaibhir.

Ceist 5
seo caite – *last (an mhí seo caite)*
an lá arna mhárach – *the following day*
coicís – *fortnight*
amach anseo – *later / in the future*
fadó – *long ago*
arú inné – *the day before yesterday*

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na ceiste seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Anois, tháinig *Rith 2016* go Conamara tráthnóna mar chuid de Sheachtain na Gaeilge. Is iad Glór na nGael agus Conradh na Gaeilge a d'eagraigh an ócáid, a thosaigh i gCill Dara, Dé hAoine seo caite. Tá na reathaithe ag iompar teachtaireacht dóchais ó Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins[1], agus léifear amach an teachtaireacht nuair a bhainfidh siad ceann scríbe amach i mBaile Átha Cliath, Dé Luain seo chugainn.

Donncha Ó hÉallaithe, Cumann Forbartha Cois Fharraige
Tá siad tar éis teacht ó Inis inniu agus tá siad ag rith timpeall na … timpeall na tíre, is dócha le tacaíocht a léiriú don Ghaeilge agus tacaíocht a bhailiú don Ghaeilge agus is iontach an rud é, go speisialta sa bhliain seo 2016 nuair atáimid ag déanamh comóraidh ar laochra na Cásca a chuaigh amach ag troid ar ár son agus, is dócha, ar son na teanga freisin, céad bliain ó shin.

[1] *Micheál D. Ó hUigínn* a ainm i nGaeilge